**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Iascach*

**2018/0088(COD)**

11.10.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 [maidir le dlí ginearálta an bhia], Treoir 2001/18/CE [maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol], Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 [maidir le bia agus beatha atá géinmhodhnaithe], Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 [maidir le breiseáin bheatha], Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 [maidir le blastáin deataigh], Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 [maidir le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia], Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 [maidir leis an nós imeachta údarúcháin comhchoiteann maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 [maidir le táirgí cosanta plandaí] agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/2283 [maidir le bianna núíosacha]
(COM(2018)0179 – C8-0144/2018 – 2018/0088(COD))

Rapóirtéir: Ricardo Serrão Santos

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá an Rapóirtéir:

- den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach do shaoránaigh AE go ráthaítear sábháilteacht bia ar an margadh agus go leantar leis na hardchaighdeáin sábháilteachta;

- ag leagan béim ar thábhacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA), go háirithe mar sholáthróir comhairle eolaíche don Choimisiún, don Pharlaimint agus do na Ballstáit;

- ag glacadh tuairim dearfach faoin togra ón gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán maidir le Dlí Ginearálta an Bhia a nuashonrú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rialacha trédhearcachta i ndáil le measúnú riosca a shoiléiriú agus ráthaíochtaí iontaofacht, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na staidéar a úsáideann EFSA ina mheasúnú riosca a threisiú;

- den tuairim go gcaithfear na coinníollacha a chruthú faoina mbeidh lánmhuinín ag saoránaigh AE as gníomhaireachtaí an Aontais agus as údaráis amhail EFSA, agus nach féidir an mhuinín sin a bhaint amach agus a choimeád ach amháin trí rialacha agus modheolaíochtaí trédhearcacha agus soiléire a chur i bhfeidhm;

- ag cur i bhfáth go gcaithfear acmhainn EFSA a mhéadú má tá sé chun ardleibhéal saineolais eolaíoch a bhaint amach ina réimsí oibre go léir;

- den tuairim, i roinnt comhthéacsanna, lena n-áirítear an comhthéacs thuas, go gcaithfidh cinntí a bheith bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil agus measann sé go bhfuil sé tábhachtach acmhainn EFSA a mhéadú trí eolaithe a fhostú mar gheall ar a bpainéil eolaíocha;

- ag cur i bhfáth nach féidir measúnú riosca a dhéanamh go tapa muna bhfuil straitéis cumarsáide éifeachtach agus chuimsitheach maidir le rioscaí i bhfeidhm, le rannpháirtíocht na bpáirtithe go léir le linn an phróisis measúnaithe riosca agus idirphlé oscailte a choinneáil;

- ag cur in iúl gur ábhar imní dó, sa togra ón gCoimisiún, go ndéantar dearmad ar iascaireacht, go háirithe dobharshaothrú, agus tá sé ag tabhairt le fios gurb iad táirgí iascaigh ceann de na foinsí próitéine ainmhíche is tábhachtaí agus is sláintiúla, agus gurb é AE an margadh is mó agus an tomhaltóir is mó ar domhan de na táirgí sin, agus go n-allmhairíonn sé 68% dóibh ó thríú tíortha faoi láthair;

- ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá táirgí iascaigh mar fhoinse bia, a bhí ina n-ábhar do thuairim eolaíoch ‘Bia ó na hAigéin’, a chur Grúpa Ardleibhéil an tSásra um Chomhairle Eolaíoch i láthair don Choimisiún i mí na Samhna 2017.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Níor cheart aon OGM a scaoileadh d'aon ghnó isteach sa chomhshaol, nó a chur ar an margadh, mar tháirgí nó i dtáirgí de shárú ar phrionsabal an réamhchúraim agus nuair nach bhfuil aon eolas eolaíoch ann maidir leis na himpleachtaí do gach ceann de na réimsí atá i gceist (an comhshaol, sláinte, bithéagsúlacht, etc.).*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Is léir ón taithí atá faighte go bhfuil ról bhord bainistíochta an Údaráis dírithe ar ghnéithe riaracháin agus airgeadais agus nach bhfuil tionchar aige ar neamhspleáchas na hoibre eolaíche a dhéanann an tÚdarás. Dá réir sin, is iomchuí ionadaithe ó na Ballstáit uile a áireamh ar bhord bainistíochta an Údaráis, ach foráil a dhéanamh gur cheart taithí a bheith ag na hionadaithe sin, ar mheasúnú riosca go háirithe. | (11) Is léir ón taithí atá faighte go bhfuil ról Bhord Bainistíochta an Údaráis dírithe ar ghnéithe riaracháin agus airgeadais agus nach bhfuil tionchar aige ar neamhspleáchas na hoibre eolaíche a dhéanann an tÚdarás. Dá réir sin, is iomchuí ionadaithe ó na Ballstáit uile ***mar aon le hionadaithe na sochaí sibhialta agus na tionsclaíochta*** a áireamh ar bhord bainistíochta an Údaráis, ach foráil a dhéanamh gur cheart taithí a bheith ag na hionadaithe sin, ar mheasúnú riosca go háirithe. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 8a – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Comhsheasmhacht ***agus*** trédhearcacht a chothú agus moltaí á ndéanamh maidir le bainistiú riosca; | (b) Comhsheasmhacht***,*** trédhearcacht ***agus soiléireacht*** a chothú agus moltaí á ndéanamh maidir le bainistiú riosca; |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 25 – mír 1a – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) beirt chomhalta agus ***na*** comhaltaí malartacha a cheapfaidh an Coimisiún agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún, agus a mbeidh ceart vótála acu. | (a) beirt chomhaltaí agus ***beirt*** chomhaltaí mhalartacha, a cheapfaidh an Coimisiún agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún, agus a mbeidh ceart vótála acu. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 25 – mír 1a – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhalta amháin a cheapfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a mbeidh ceart vótála aige. | (b) comhalta amháin ***agus comhalta breise amháin,*** a cheapfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a mbeidh ceart vótála aige. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Airteagal 25 – mír 1a – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***ceathrar*** comhalta a mbeidh ceart vótála acu agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra eadhon, duine thar ceann eagraíochtaí tomhaltóirí, duine thar ceann eagraíochtaí comhshaoil neamh-rialtasacha, duine thar ceann eagraíochtaí feirmeoirí ***agus*** duine thar ceann eagraíochtaí ***tionsclaíochta***. Is í an Chomhairle a cheapfaidh na comhaltaí sin i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn liosta a tharraingeoidh an Coimisiún suas, ina mbeidh níos mó ainmneacha ná mar a bheidh poist le líonadh. Seolfar an liosta a chuirfidh an Coimisiún i dtoll a chéile chuig Parlaimint na hEorpa, mar aon leis na doiciméid tagartha ábhartha. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, a luaithe is féidir agus laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil, a tuairimí a chur faoi bhráid na Comhairle lena mbreithniú, agus ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí sin ansin. | (c) ***seisear*** comhaltaí a mbeidh ceart vótála acu agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra eadhon, duine thar ceann eagraíochtaí tomhaltóirí, duine thar ceann eagraíochtaí comhshaoil neamh-rialtasacha, duine thar ceann eagraíochtaí feirmeoirí***, duine thar ceann eagraíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe,*** agus duine thar ceann an tionscail ***agraiceimicigh agus duine thar ceann thionscal an bhia***. Is í an Chomhairle a cheapfaidh na comhaltaí sin i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn liosta a tharraingeoidh an Coimisiún suas, ina mbeidh níos mó ainmneacha ná mar a bheidh poist le líonadh. Seolfar an liosta a tharraingeoidh an Coimisiún suas chuig Parlaimint na hEorpa, mar aon leis na doiciméid tagartha ábhartha. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, a luaithe is féidir agus laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil, a tuairimí a chur faoi bhráid na Comhairle lena mbreithniú, agus ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí sin ansin. |

*Réasúnú*

*Tá difríochtaí idir na leasanna atá ag táirgeoirí i réimse OGManna agus réimse na dtáirgí cosanta plandaí, ar lámh amháin, agus na leasanna atá ag táirgeoirí bia-ábhar agus breiseán, ar an lámh eile. Is amhlaidh atá i gcás na talmhaíochta agus an iascaigh/an dobharshaothraithe. Ba cheart ionadaí ó eagraíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe a áireamh ar an mBord freisin. Ba cheart, mar sin, beirt ionadaithe éagsúla ón tionscal a áireamh ar an mBord freisin.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 32d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Déanfaidh saineolaithe an ***Choimisiúin*** rialuithe, lena n-áirítear iniúchtaí, chun dearbhú a fháil go bhfuil saoráidí tástála i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha chun tástálacha agus staidéir a dhéanamh lena gcur faoi bhráid an Údaráis mar chuid d’iarratas ar údarú faoi dhlí bia an Aontais. Eagrófar na rialuithe sin i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát. | Déanfaidh saineolaithe ***ó Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin (FVO)*** rialuithe, lena n-áirítear iniúchtaí, chun dearbhú a fháil go bhfuil saoráidí tástála ***san Aontas agus i dtríú tíortha*** i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha chun tástálacha agus staidéir a dhéanamh lena gcur faoi bhráid an Údaráis mar chuid d’iarratas ar údarú faoi dhlí bia an Aontais. Eagrófar na rialuithe sin i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát ***nó na dtríú tíortha atá i gceist***. |

*Réasúnú*

*Oibríonn an Oifig Bia agus Tréidliachta chun córais éifeachtacha rialaithe a áirithiú agus chun comhlíonadh chaighdeáin AE a mheasúnú laistigh de AE agus i dtríú tíortha a onnmhairíonn go dtí AE. Déantar é seo go príomha trí chigireachtaí a dhéanann an Oifig Bia agus Tréidliachta sna Ballstáit agus i dtríú tíortha a onnmhairíonn go dtí AE.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 39e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. D’ainneoin mhír 1, measfar go ndéanfaí dochar suntasach do phríobháideacht agus sláine daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le tástáil ***ar ainmhithe veirteabracha*** nó le faisnéis thocsaineolaíoch a fháil dá nochtfaí a n-ainmneacha agus a seoltaí agus ní chuirfear ar fáil don phobal iad, murab ann do leas poiblí sáraitheach i dtaca leis. | 2. D’ainneoin mhír 1, measfar go ndéanfaí dochar suntasach do phríobháideachas agus sláine daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le tástáil nó le faisnéis thocsaineolaíoch a fháil dá nochtfaí a n-ainmneacha agus a seoltaí agus ní chuirfear ar fáil don phobal iad, murab ann do leas poiblí sáraitheach i dtaca leis. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca AE ar an mbiashlabhra |
| **Tagairtí** | COM(2018)0179 – C8-0144/2018 – 2018/0088(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>28.5.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>28.5.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Ricardo Serrão Santos<br>31.5.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 20.6.2018 29.8.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 9.10.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Affronte, Clara Eugenia Aguilera García, Renata Briano, Alain Cadec, David Coburn, Richard Corbett, Diane Dodds, Linnéa Engström, João Ferreira, Sylvie Goddyn, Mike Hookem, Ian Hudghton, Carlos Iturgaiz, Werner Kuhn, António Marinho e Pinto, Barbara Matera, Gabriel Mato, Norica Nicolai, Liadh Ní Riada, Ulrike Rodust, Annie Schreijer-Pierik, Remo Sernagiotto, Ricardo Serrão Santos, Isabelle Thomas, Ruža Tomašić, Jarosław Wałęsa, Peter van Dalen |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Izaskun Bilbao Barandica, José Blanco López, Nicola Caputo, Ole Christensen, Rosa D’Amato, Norbert Erdős, Giuseppe Ferrandino, John Flack, Elisabetta Gardini, Jens Gieseke, Anja Hazekamp, Maria Heubuch, Czesław Hoc, Yannick Jadot, France Jamet, Seán Kelly, Verónica Lope Fontagné, Linda McAvan, Francisco José Millán Mon, Ana Miranda, Nosheena Mobarik, Cláudia Monteiro de Aguiar, Rolandas Paksas, Maria Lidia Senra Rodríguez, Daciana Octavia Sârbu, Nils Torvalds |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Klaus Buchner |

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 21 | + |
|---|---|
| ALDE | António Marinho e Pinto, Norica Nicolai |
| ECR | Nosheena Mobarik, Remo Sernagiotto, Ruža Tomašić |
| EFDD | Rosa D'Amato |
| ENF | Sylvie Goddyn |
| PPE | Alain Cadec, Carlos Iturgaiz, Werner Kuhn, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Renata Briano, Ole Christensen, Giuseppe Ferrandino, Ulrike Rodust, Ricardo Serrão Santos |
| VERTS/ALE | Marco Affronte, Klaus Buchner, Linnéa Engström |

| 1 | - |
|---|---|
| GUE/NGL | Anja Hazekamp |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh